# Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gCúnamh Forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Dímheas**

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

**Idirbhearta Rátaí Malairte**

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamhinmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

**David Cooney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
26 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i ndáil leis an Vóta do Chomhoibriú Idirnáisiúnta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidil 19 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 29 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Iúil 2012

# Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta
# Cuntas Leithreasa 2011

| **Seirbhís** | | **2011 Suim soláthraithe sa mheastachán** | **2011 Toradh** | **2010 Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 18,626 | 17,405 | 17,879 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 2,747 | 2,084 | 2,085 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,920 | 1,488 | 2,092 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,920 | 1,563 | 1,606 |
| A.5. | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | 2,020 | 1,207 | 1,413 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 3,910 | 3,364 | 4,267 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,400 | 1,092 | 1,124 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| B. | Íocaíocht don chiste deontais i gcabhair do chomhoibriú déthaobhach agus comhoibriú eile (deontas-i-gcabhair) | 365,633 | 365,633 | 373,951 |
| C. | Cúnamh Daonnúil Éigeandála | 51,000 | 50,997 | 52,501 |
| D. | Íocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 34,354 | 34,354 | 28,000 |
| E. | Ranníocaíochtaí le na náisiúin aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | 39,500 | 39,500 | 39,500 |
| | **Ollchaiteachas** | **524,030** | **518,687** | **524,418** |
| | **Bain de:** | | | |
| F. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,153** | **1,790** | **1,488** |
| | **Glanchaiteachas** | **522,877** | **516,897** | **522,930** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€5,980,013** | **€12,400,000** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán | | 28,203 | 30,466 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 490,484 | 493,952 |
| **Ollchaiteachas** | | 518,687 | 524,418 |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 1,790 | 1,488 |
| **Glanchaiteachas** | | 516,897 | 522,930 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (191) | | |
| Diúscairtí | 14 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (6) | | |
| Dímheas | 633 | | |
| | | 450 | (557) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar stoc | | 1 | (6) |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (3,098) | (1,883) |
| **Iomlán na gcostas oibriúchán** | | **514,250** | **520,484** |

**Nóta:** Tá glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus measchíosanna iompartha ar Vóta 28 - Gnóthaí Eachracha agus Trádála.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 9,452 | 9,902 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 6,350 | 5,591 |
| Stoic | 2.3 | 15 | 16 |
| Réamhíocaíochtaí | | 10,235 | 7,205 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 31 | 74 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **16,631** | **12,886** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 138 | 206 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 164 | 146 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 2,061 | 1,072 |
| Ciste déthaobhach agus ciste comhoibrithe eile (deontas-i-gcabhair). | 7 | 4,156 | 4,447 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,519** | **5,871** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **10,112** | **7,015** |
| **Glansócmhainní** | | **19,564** | **16,917** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **19,564** | **16,917** |

## 2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 8,277 | 1,019 | 679 | 1,661 | 2,239 | 13,875 |
| Breiseanna | 31 | 26 | 42 | 34 | 58 | 191 |
| Diúscairtí | — | (34) | — | (10) | — | (44) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 8,308 | 1,011 | 721 | 1,685 | 2,297 | 14,022 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | 753 | 573 | 1,006 | 1,641 | 3,973 |
| Dímheas don bhliain | — | 135 | 59 | 168 | 271 | 633 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (31) | — | (5) | — | (36) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | — | 857 | 632 | 1,169 | 1,912 | 4,570 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **8,308** | **154** | **89** | **516** | **385** | **9,452** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **8,277** | **266** | **106** | **655** | **598** | **9,202** |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 6,350 | 5,602 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | (11) |
| | 6,350 | 5,591 |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 15 | 16 |

## 2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ilfhéichiúnaithe | 31 | 74 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 97 | 84 |
| Cáin Bhreisluacha | 19 | 42 |
| | 116 | 126 |
| Iarmhéideanna eile creidmeasa | 48 | 20 |
| | 164 | 146 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,980 | 12,400 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,919) | (11,328) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2,061 | 1,072 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,350 | 5,591 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 31 | 74 |
| | 6,381 | 5,665 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (116) | (126) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (48) | (20) |
| Ciste Déthaobhach agus ciste comhoibrithe eile (deontas-i-gcabhair) | (4,156) | (4,447) |
| | (4,320) | (4,593) |
| | 2,061 | 1,072 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2. | 663 | Seachadadh coigilteas trí chostais táille aeir a bhí níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus dianrialú leanúnach costais ar chaiteachas san fhotheideal seo. |
| A.3. | 1,432 | Seachadadh coigilteas ar fud na gcostas teagmhasach ar fad a bhaineann le bainistiú an chláir chabhrach ag leibhéal misin na tíre. |
| A.5. | 813 | Seachadadh coigilteas ar an bhfotheideal seo trí chostais reáchtála oifige a bhí níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa cheanncheathrú agus ag leibhéal misin na tíre. |

## 4 Fáltais

| **Leithreasaí-i-gcabhair** | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Leithreasaí-i-gcabhair | 300 | 1,018 | 642 |
| 2. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 853 | 772 | 846 |
| | 1,153 | 1,790 | 1,488 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. | (718) | D'eascair an farasbarr trí aisíocaíochtaí deontais a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag súil leis a fuarthas sa chlár cabhrach Déthaobhaí. Athraíonn fáltais ilghnéitheacha den chineál seo ó bhliain go bliain agus is deacair iad a thuar go cruinn roimh réidh. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 194 | 209 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 14,894 | 14,947 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 34 | 45 |
| Liúntais eile | 44 | 103 |
| Ragobair | 37 | 31 |
| ÁSPC an Fhostóra | 788 | 833 |
| **Pá Iomlán** | **15,797** | **15,959** |

Airítear eilimintí nach mbaineann le pá i dtáille iomlán ar A.1. nach léirítear sa nóta thuas.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochta Ragoibre

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 6 | 2 | 12,345 | 20,947 |
| Liúntais eile | 25 | — | 6,622 | 5,704 |
| Ragobair | 18 | 1 | 10,612 | 9,281 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin.

## 6 Míreanna Ilghnéitheacha

| **Ranníocaíochtaí chuig na NA agus Gníomhaireachtaí Forbartha eile (fotheideal E.)** | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) | 8,940 | 8,700 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) | 8,200 | 8,000 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) | 6,100 | 6,000 |
| Cláir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) | 1,200 | 1,200 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,050 | 3,000 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,000 | 2,000 |
| UNAIDS | 3,000 | 3,000 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM) | 1,200 | 400 |
| Clár Idirnáisiúnta Rialaithe Drugaí na Náisiún Aontaithe | 100 | 100 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 481 | 450 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNWRA) | 4,000 | 3,800 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 755 | 743 |
| Eile - ilghnéitheach | 474 | 2,107 |
| | **39,500** | **39,500** |

## 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**Ciste déthaobhach agus ciste comhoibrithe eile (deontas-i-gcabhair) (fotheideal B).**

**Cuntas na bhFáltas agus na n-Íocaíochtaí don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011**

| | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2011 | 4,447 | 1,733 |
| Deontas-i-gcabhair 2011 | 365,633 | 373,951 |
| | 370,080 | 375,684 |
| Caiteachas 2011 | 365,924 | 371,237 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011 | 4,156 | 4,447 |

Chomh maith leis seo, ag 31 Nollaig 2011, bhí iarmhéid gan chaitheamh de €3.98m (2010 - €5.13m) san iomlán i gcuntais bhainc riartha ag oifigí misin Chúnamh Éireann in aon tír déag.